



Oideachas
Reiligiúnach
agus an Creat
don tSraith
Shóisearach

Oideachas Reiligiúnach agus an Creat don tSraith Shóisearach

Oideachas
Reiligiúnach
agus an *Creat*
don tSraith
Shóisearach

VERITAS

Foilsithe 2017 ag Foilseacháin Veritas
7-8 Sráid na Mainistreach Íochtar
Baile Átha Cliath 1, Éire
publications@veritas.ie
www.veritas.ie

Cóipcheart © Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann, 2017

10 9 8 7 6 5 4 3 2 1

Tá ábhar an fhoilseacháin seo cosanta ag dlí an chóipchirt. Seachas an méid a cheadaítear ag an dlí, ní cheadaítear atáirgeadh a dhéanamh ar an ábhar seo (agus stóráil i gcóras aisghabhála san áireamh) nó é a sheachadadh ar bhealach ar bith. Ní cheadaítear athchóiriú a dhéanamh air, nó é a thabhairt ar cíós nó ar iasacht gan cead scríofa úinéirí an chóipchirt. Is gá iarratais ar chead, a sheoladh chuig an bhfoilsitheoir.

Tá tuairisc chatalóige don leabhar seo ar fáil ó Leabharlann na Breataine.

Dearadh le Heather Costello, Foilseacháin Veritas
Walsh Colour Print, Co. Chiarraí a chuir i gcló i bPoblacht na hÉireann.

Clóbhuailtear leabhair Veritas ar pháipéar ó laíon adhmaid foraoiseacha bainistithe.
Don uile chrann a leagtar, cuirtear crann nua amháin eile ar a laghad, ionas go ndéantar athnuachan ar na hacmhainní nádúrtha.

RÉAMHRÁ

Leagann an *Creat don tSraith Shóisearach* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015) amach an fhís shoiléir maidir leis an mbealach ina gcuirfean na cleachtais mhúinteoireachta, fhoghlama, agus mheasúnaithe chun cinn sna blianta beaga atá romhainn maidir leis an oideachas ón chéad bhliain go dtí an tríú bhliain den iar-bhunscolaíocht in Éirinn. Beidh tionchar mór ag na hathruithe seo atá á gcur i bhfeidhm, ar gach aon ábhar, an tOideachas Reiligiúnach (OR) san áireamh, maidir le pleanáil, teagasc agus measúnú. Tugann an leabhrán seo léargas daoibhse agus do phobal na scoile maidir le ról agus le háit an Oideachais Reiligiúnaigh sa chomhthéacs nua seo. Leagtar amach an bealach oibre ar chóir a chur i bhfeidhm sna hiar-bhunscoileanna Caitliceacha agus tugtar míniú soiléir ar an réasúnaíocht atá taobh thiar den chur chuige seo.

RÓL OIDEACHAS REILIGIÚNACH SA TSRAITH SHÓISEARACH

Tráth spreagúil san oideachas é an t-am faoi láthair, agus tugtar deis shuntasach dúinn samhlúchán úr a dhéanamh maidir le hOideachas Reiligiúnach do dhaoine óga an lae inniu. Is féidir tógáil ar an méid a rinneadh sna scoileanna ón uair a tugadh isteach an siollabas ‘Oideachas Reiligiúnach don Teastas Sóisearach’ sa bhliain 2000 ionas go ndéanfar na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil sa ‘Creat don tSraith Shóisearach’ (2015) a láidriú. Braitheann an dearcadh úr ar an ról agus ar an gcion a bhaineann le hOR ar thuiscint réalaíoch a bheith ag cách i leith riachtanais aos óg na linne seo, agus ar léirthuiscint a bheith againn maidir leis na deiseanna agus na dúshláin atá rompu sa domhan saolta uileghabhálach seo. Caithfidh an pobal creidimh Caitliceach a bheith sásta gach acmhainn a chur ar fáil don aos óg.

Sa tSraith Shóisearach úr beifear ag súil leis go gcuirfidh an t-oideachas ar chumas na ndaoine óg a bheith ullamh, a bheith sásta agus a bheith ábalta cion oibre a dhéanamh ar mhaithe leis an saol i gcoitinne. Is iad na luachanna bunúsacha a bhaineann leis an fhís seo ná an comhionannas agus an cuimsiú, an ceartas agus an chóir, an tsaoirse, an daonlathas, agus meas a bheith ar dhínt agus ar shainiúlacht an duine. Tá gaol soiléir ann idir na luachanna seo agus dearcadh na reiligiún domhanda, an Chríostaíocht ina measc.

Tá idir deiseanna agus dúshláin úra roimh an Oideachas Reiligiúnach (OR) i saol an aonú haois is fiche in Éirinn. Tá athruithe tagtha i bhfeidhm ar chleachtadh an chreidimh, ar fhás an easpa creidimh, ar an domhandú, ar réabhlóid dhigiteach na cumarsáide, ar an troid leanúnach le ceartas sóisialta a chur chun cinn, agus ar son cheartas aeráide.

Mar fhreagairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna seo, déanann an tOideachas Reiligiúnach iarracht an caighdeán maireachtála a shaibhriú trí dhínit agus saoirse, ionannas agus sainiúlacht an mhic léinn indibhidiúil ar scoil a chur chun cinn ar bhealach atá beag beann ar chine, ar dhath, ar ghnéas, ar chreideamh nó ar stádas. Spreagann an tOideachas Reiligiúnach an teagmháil éacúiméineach, an comhrá idirchreidmheach agus an t-oideachas éiceolaíoch ní hamháin mar roghanna ábhar, ach mar straitéis atá bunúsach maidir le féiniúlacht na scoile Caitlicí.

Bítear ag súil leis i saol an lae inniu go gcuirfidh OR ar chumas na ndaltaí a bheith ag feidhmiú mar shaoránaigh fhreagracha agus bíonn éileamh ann go mbeidh siad ag déileáil agus ag dul i ngleic go cumasach cruthaitheach leis an saol iolraíoch. Is cuid shaibhir den chultúr agus den dúchas in Éirinn í an Chríostaíocht, bíonn tionchar mór aici ar an fhéiniómhá, ar an dearcadh saoil, ar an ngaol a bhíonn againn leis an duine eile. Tá sé ríthábhachtach agus bailí sna hamanna suaite seo go mbeadh fáil ag cách ar an traidisiún seo. Ba mhaith an rud é chomh maith go mbeadh deis ann tuiscint a bheith ag daoine maidir le traidisiúin reiligiúnacha eile, agus dearctha saolta domhanda eile a mheas. Ba cheart go gcuirfeadh an tOR ar chumas na ndaltaí na scileanna agus an dearcadh oiriúnach a bheith acu le dul i ngleic leis na ceisteanna seo ar bhealach deimhneach. Caithfear am agus saoirse a chur ar fáil dóibh chomh maith le go bhféadfaidís machnamh a dhéanamh ar an riachtanas atá ann go gcuirfí an saol spioradálta chun cinn iontu féin. Is saintréith an OR sa Scoil Chaitliceach é go mbeadh meas ar chreidimh agus ar thraidisiúin eile ann, agus go mbeadh tuiscint chruinn shoiléir ann maidir le cion tairbhe spioradálta, morálta agus reiligiúnach an chreidimh Chaitlicigh.

Tá ról deimhneach chomh maith ag an Oideachas Reiligiúnach maidir le tacaíocht a chur ar fáil don aos óg agus iad ag cur na ceisteanna tábhachtacha, ag iarraidh freagairt oiriúnach a thabhairt, ag iarraidh teacht ar mhodh oibre freagrach comhbhách ina saol, ionas gur féidir leo maireachtáil go sásta faoi shíocháin leo féin agus leis an duine eile, leis an

saol, le Dia. Is ar an mbealach seo a chuireann an tOR treoir shuntasach ar fáil do na daoine óga agus iad ag dul i ngleic leis na ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le saol na ndéagóirí. Déantar iarracht áit shlán dhúshlánach a chur ar fáil inar féidir leis an gcreideamh agus leis an réasún teacht le chéile ar bhealach cruthaitheach ionas go gcuirfead tacaíocht oiriúnach ar fáil don aos óg maidir le ciall don saol a bheith acu.

Cuireann Oideachas Reiligiúnach deiseanna ar fáil don fhoireann teagaisc agus don mhac léinn indibhidiúil a bheith i dteagmháil ar bhealach réalaíoch leis an saol creidimh agus é a fhorbairt iontu féin. Cabhróidh an fheasacht seo leo an tuiscint creidimh a dhoimhniú, ní hamháin ó thaobh staidéir de, ach ó thaobh an tiomantais agus na freagrachta de chomh maith.

Roinn an Soiscéal, 107

Cabhraíonn an tOideachas Reiligiúnach leis an fhoghlaimoir deiseanna a bheith aige nó aici an traidisiún creidimh a iniúchadh mar fhoinse eagna nuair a bhíonn gá ann a bheith ag plé le ceisteanna bunaidh na beatha. Tugann sé deis do na mic léinn Caitliceacha dul i ngleic leis an taithí a bhíonn acu féin i measc an phobail Chríostaí, agus a bheith ag smaoinreamh ar an teagmháil le Críost, agus ar an léargas a thug sé dúinn faoin ngrá ollmhór atá ag Dia don uile dhuine againn. Tugtar deis dúinn chomh maith, machnamh criticiúil a dhéanamh ar an ionchur a bhaineann lenár dtraidisiún creidimh féin maidir le caidreamh a chothú i measc phobal leathan na cruinne.

Bíonn gaol ag an Oideachas Reiligiúnach le réimse leathan ábhar sa churaclam. Is féidir leis an OR mar shampla, an inniúlacht chultúrtha agus an tuiscint a chur chun cinn trí mhíniú a dhéanamh ar fhuinneog dhaite, nó ar thagairtí creidimh san fhilíocht. Is féidir leis an OR a bheith mar chosaint in aghaidh an aineolais maidir le cúrsaí creidimh, nó maidir leis an tionchar polaitiúil a bheadh ag an aineolas úd, is féidir leis cabhrú leis an fhorbairt mhorálta. Seasann an tOR mar chosantóir ar an dearcadh creidimh a bheadh mar bhealach bailí leis an saol a thuiscint, agus freagairt a thabhairt dó. Glacann an tOR seasamh in aghaidh bhunúsaiochas reiligiúnach agus in aghaidh dí-eaglaiseachas antoisceach ar bith.

Glactar leis go forleathan anois, go gcabhraíonn eispéireas dearfach creidimh leis an bhfolláine intinne. Mar chuid den fhís nua don tSraith Shóisearach leagtar béim in OR sa Scoil Chaitliceach ar an fholláine phearsanta, ar ghaolta maíthe a chothú agus ar pháirt ghníomhach a ghlacadh sa chomhlúadar agus sa tsochaí. Bíonn áit lárnach ag an OR mar sin, maidir le baint amach na spriocanna do dhaoine óga a bhaineann leis na prionsabail, na ráitis um fhoghlaim, agus na heochairscileanna atá luaite sa chreat acadúil.



AG PLEANÁIL DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH IN BHUR SCOIL FÉIN

Ag glacadh leis an méid atá luaite thuas, dearbhaíonn Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann go leanfar an nós a leagtar síos anseo sna scoileanna atá faoi phátrúnacht Chaitliceach:

- Cloífeair le stádas reatha OR mar ábhar (i.e. soláthar 200 uair a' chloig).
- Múinfeair OR ar feadh thrí thréimhsí dhaichead nóiméad, nó dhá thréimhse uair a' chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine i ngach aon bhliain den tSraith Shóisearach.
- Leanfaidh an tOR sa tSraith Shóisearach an siollabas (nó an sonrú ábhair don tSraith Shóisearach nua) de réir an chomhaontaithe idir Comhairle Easpag Éireann agus An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).
- Déanfar an tOR a mhúineadh i gcomhar leis na treoirlínthe a leag Comhdháil na nEaspag anuas maidir le fabhrú creidimh agus forás na mac léinn Caitliceach.
- Is gá go mbeadh cáilíochtaí oiriúnacha ag múinteoirí ionas go mbeadh cead acu an tOR a mhúineadh.

OIDEACHAS REILIGIÚNACH MAR ÁBHAR, AGUS OCHT BPRIONSABAL, CEITHRE RÁITEAS AGUS FICHE FOGHLAMA, AGUS OCHT N-EOCHAIRSCIL A BHAINNEANN LEIS AN 'CREAT DON TSRAITH SHÓISEARACH' (2015)

Ag croílár na leasuithe a bhaineann leis an tSraith Shóisearach nua tá iarracht á dhéanamh le deiseanna foghlama den scoth a chur ar fáil do na mic léinn, ionas go mbeidh cothromaíocht ann idir eolas a chruinniú, agus réimse leathan scileanna, tuairimí agus inniúlacht smaointí a fhorbairt.

Creat don tSraith Shóisearach (2015)

Spreagtar an cineál foghlama seo sa tSraith Shóisearach nua trí chur i bhfeidhm:

- Ocht bprionsabal bhunúsacha a thacaíonn leis an bpleanáil, leis an

gcur i bhfeidhm agus le forbairt na gclár a bhaineann leis an tSraith Shóisearach sna scoileanna ar fad.

- Ceithre ráiteas agus fiche um fhoghlaim atá lárnach don phleanáil a bhaineann leis an taithí a bheadh ag na mic léinn maidir leis an gclár scoile don tSraith Shóisearach, agus an measúnú a ndéanfaí air.
- Ocht n-eochairscil riachtanacha a bhainfeadh le foghlaim éifeachtach na mac léinn ar fad. .

Tugann an tOR léiriú saibhir ar na hocht bprionsabal a chuireann taca leis an *'Creat don tSraith Shóisearach'* (2015). Nuair a mhúintear OR, cuireann na scoileanna deiseanna ar fáil do na mic léinn ionas gur féidir leo a bheith cruthaitheach, dul i ngleic lena gcuid obair scoile, agus foghlaim conas an t-eolas a chruinniú agus a thuiscint. Níos fearr fós, cuirtear am agus spreagadh ar fáil dóibh san OR machnamh a dhéanamh ar a gcuid folláine féin, folláine spioradálta agus folláine mhothúcháinach ach go háirithe. Cuirtear deiseanna suntasacha ar fáil san OR le hiniúchadh a dhéanamh ar thraidisiúin chreidimh eile. Tríd an OR, cothaíonn na scoileanna oideachas ionchuimsitheach i measc na mac léinn.

Tugtar cur síos ar an fhoghlaim atá i gcroílár na sraithe Sóisearaí nua i gCeithre Ráiteas agus Fiche um Foghlaim (RUF). Téann an tOR i ngleic leis na ráitis um fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, mar shampla: Cabhraíonn an tOR ar réimse bealaí, le cur ar chumas na ndaltaí eolas a chur in iúl go héifeachtach (RUF 1). Cuirtear am agus spás ar fáil do na daltaí le hiniúchadh criticiúil a dhéanamh ar réimse leathan téacsanna agus iad a thuiscint (RUF 3). Is féidir leis an OR chomh maith, cabhrú leis na mic léinn an tuiscint riachtanach maidir le luachanna pearsanta a fhoghlaim a bheith acu, agus tuiscint a bheith acu chomh maith ó thaobh cinní morálta a dhéanamh (RUF 5). Cabhróidh an tOR leis na daltaí tuiscint a bheith acu agus meas a léiriú ar an mbealach ina gcuireann luachanna, creidimh, traidisiúin éagsúla go mór leis an bpobal, leis an gcultúr agus leis an saol timpeall orthu (RUF 6). Cabhraíonn an tOR leis na mic léinn a mhúnlú mar shaoránaigh ghníomhacha, a bhfuil cearta acu agus dualgais orthu go háitiúil agus i gcomhthéacs níos leithne ná sin (RUF 7) ionas go bhfoghlaimíonn siad na scileanna, an t-eolas, na luachanna, an spreagadh agus an fheasacht is gá a bheith ann le saol inbhuanaithe a chaitheamh (RUF 10). Cabhraíonn an tOR leis na mic léinn a bheith gníomhach maidir lena gcuid folláine féin agus folláine an duine eile a shlánú agus a fhorbairt

(RUF 11). Déanann OR deimhin de chomh maith go dtuigeann na mic léinn an fiúntas a bhaineann le ról agus le cion tairbhe na heolaíochta agus na teicneolaíochta sa tsochaí (RUF 19). Tugann OR cuireadh do na daltaí an teicneolaíocht agus na huirlisí digiteacha a úsáid ar bhealach freagrach eiticiúil cruthaitheach agus iad ag foghlaim, ag scaipeadh eolais, ag comhoibriú lena chéile (RUF 24).

Ina dhiaidh sin, tá ocht n-eochairscil ann atá riachtanach le go mbeadh foghlaim éifeachtach tras-churaclam ann, agus go leanfadh an fhoghlaim seo i ndiaidh fágáil na scoile do na daltaí. Foghlaimíonn na mic léinn scileanna san OR a chabhróidh leo a bheith folláin i gcorp agus in intinn. Foghlaimíonn siad conas bainistíocht a dhéanamh ar eolas agus ar an smaointeoireacht.

Cuireann OR feabhas ar litearthacht agus ar uimhearthacht agus spreagann an chruthaitheacht i measc na ndaltaí. Trí obair thionscadail a dhéanamh, obair i ngrúpaí agus obair eile a tharlaíonn sa seomra ranga, foghlaimíonn na mic léinn scileanna tábhachtacha cumarsáide, agus conas is féidir a bheith ag comhoibriú go héifeachtach le daoine eile.

OIDEACHAS REILIGIÚNACH MAR ÁBHAR SA TSRAITH SHÓISEARACH

Is gnách go mbeadh na daltaí ag déanamh staidéir ar 8 -10 n-ábhar clár sa tSraith Shóisearach, An Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic ina measc, agus iad ar scoil. Uaireanta cuireann scoileanna réimse beag cúrsaí gearra ar fáil do na daltaí. Beidh an réimse ábhar seo a chuirtear ar fáil, agus na cúrsaí gearra iad féin ag brath ar riachtanais agus suim na ndaltaí sa tSraith Shóisearach, agus ar éiteas agus ar shainspiorad na scoile.

Tugann an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) le fios go soiléir go nglactar leis nach mbeadh aon cheann de na cúrsaí gearra seo á chur ar fáil in ionad aon cheann de na hábhair bhunaidh; mar sin cuirfear OR ar fáil mar ábhar as seo amach, agus ní mar chúrsa gearr. Chomh maith le bheith ag cur OR ar fáil mar ábhar, is féidir leis an roinn OR ar scoil a bheith gníomhach maidir le cúrsaí gearra a chruthú agus a chur ar fáil chun ábhar breise le téamaí spioradálta, reiligiúnach agus fealsúnach a ofráil don aos óg.

Déanann an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) míniú faoin mbealach ina dtabharfaí deiseanna do na daltaí dul i ngleic le réimse breise eispéireas foghlama agus an clár sa tSraith Shóisearach á leanúint acu. Bíonn ról criticiúil ag na straitéisí seo ann ionas go dtabharfar taithí oideachasúil leathan cothrom do na daltaí agus iad ag maireachtáil de réir shainspiorad na scoile, áit ina ndéantar iad a chothú ar bhealach saibhir iomlánaíoch. Bíonn ionchur nach beag ag an OR agus ag taithí oideachasúil eile mar é, ó thaobh deiseanna breise foghlama a chruthú agus a chur i bhfeidhm.

Tabhair faoi deara go gcuirfear Aonaid Fhoghlama Tosaíochta (AFT) ar fáil sna cláir foghlama ionas go mbeidh freastal ann ar an líon beag daltaí a mbíonn riachtanais speisialta foghlama suntasacha ag baint leo.

De réir amlíne na Roinne Oideachais, tabharfar isteach an sonrú don OR sa tSraith Shóisearach sa bhliain 2019 don iontógáil mac léinn sa chéad bhliain. Chomh maith leis na hábhair eile, déanfaidh an CNCM, i gcomhar leis na páirtithe eile san oideachas, sonrú ábhair a chruthú maidir leis an OR. Cuirfear an leibhéal céanna tacaíochta ar fáil dó agus a bheidh ar fáil do na hábhair eile maidir le cúrsaí inseirbhíse, agus cuirfear am oiriúnach cothrom ar fáil le go bhféadfadh na múinteoirí pleanáil a dhéanamh ó thaobh foghlaim na ndaltaí a chur chun cinn agus a mheas.

OIDEACHAS REILIGIÚNACH AGUS FOLLÁINE

De réir *'Creat don tSraith Shóisearach'* (2015) is féidir ábhar breise foghlama a thabhairt isteach sa tSraith Shóisearach dar teideal 'Folláine'. Leanfar leis an bhFolláine ar feadh na trí bliana den tSraith Shóisearach agus déanfar tógáil ar an obair shubstaintiúil atá ar siúl cheana féin sna scoileanna agus a thacaíonn le folláine na mac léinn.

De bharr na hoibre a dhéanfar leis an ábhar seo beidh tiomantas na scoile i leith folláine na mac léinn le sonrú ag cách (Sraith Shóisearach: Treoirlínte Folláine [2017]).

Ón bhliain 2017 ar aghaidh, déanfar Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil (OSSP) agus an Corpoideachas (PE), chomh maith le socrú maidir le soláthar treorach, a chomhshnaidhmeadh lena chéile san ábhar 'Folláine'. Tugann an sainmhíniú a leagann an CNCM anuas maidir leis an bhfolláine i 'Sraith Shóisearach: Treoirlínte Folláine' scóip do na scoileanna réimse leathan foghlama agus taithí fhorbarthach a chur ar fáil:

Baineann folláine na mac léinn le bheith ábalta an cumas atá iontu a chur i gcrích, nuair is féidir leo aire fhisiceach a thabhairt dóibh féin, nuair is féidir leo déileáil le gnáthstrus an tsaoil, nuair a bhíonn dearcadh a bhfuil cuspóir aige i leith an tsaoil acu, agus iad ag feidhmiú go gníomhach mar bhaill den phobal leathan.

Is dá bharr san a mbeidh an tsaoirse ag scoileanna réimsí breise a thabhairt isteach i measc na n-ábhar a chuirtear ar fáil. Chomh maith leis na hábhair eile, d'fhéadfadh gnéithe áirithe den Oideachas Reiligiúnach, den spioradáltacht agus de shainspiorad na scoile a bheith iniata sa chlár folláine má dhéantar pleanáil cheart chuige. Bainfidh éifeacht ar leith leis an gcur chuige comhshnaidhmeach má cheanglaíonn an phleanáil na ceachtanna seo ar bhealach soiléir le sé chomhartha na folláine: na mic léinn a bheith gníomhach, freagrach, iad mar dhaoine bainteacha, teacht aniar a bheith iontu agus meas orthu, feasacht a bheith acu.

AN CLÁR DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH Á CHEAPADH

Cuireann na prionsabail, na ráitis um fhoghlaim agus na heochairsbileanna a bhaineann leis an tSraith Shóisearach nua struchtúr ar fáil le gur féidir leis na scoileanna cláir dá gcuid féin a chruthú a shásaíonn na treoracha a leagtar amach sa chlár don tSraith Shóisearach.

Tá solúbthacht agus discríd ag na scoileanna cinneadh a dhéanamh maidir leis an rogha ábhar, cúrsaí gearra agus taithí oideachasúil eile a chuirfear ar fáil sa chlár trí bliana. Caithfidh an clár OR a chruthaítear sa scoil sin agaibhse a bheith eolasach agus leagtha amach de réir an *'Creat don tSraith Shóisearach'* (2015), de réir shonrú ábhair OR, de réir na riachtanas foghlama agus réimse suimeanna a bhaineann leis an scoil, agus ag teacht le héiteas agus le sainspiorad na scoile. (Imlitir 0024/2016). Baineann an sainspiorad a luaitear anseo ní hamháin le fíis na scoile agus leis an ráiteas misin, ach le cur i bhfeidhm cuspóirí bunaidh na scoile agus leis an mbealach ina gcuireann an pobal scoile, na hiontaobhaithe agus na páirtithe leasmhara soiscéal Chríost i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil. Tugann an Fholláine radharc éagsúil dúinn le breathnú ar ghnéithe áirithe OR, le hiad a thuiscint agus le hiad a bhrath.

Ag glacadh leis an méid atá curtha in iúl thuas, ba cheart go mbeadh deis ag na mic léinn ar fad, más Caitlicigh iad nó murar Caitlicigh iad, freastal ar ranganna OR le hiniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna spioradálta agus morálta atá lárnach don saol daonna. Tá dualgas agus freagracht ar na scoileanna leis an éiteas Caitliceach iontu, iad siúd a bunaíodh de réir an chreidimh Chaitlicigh, agus a chuireann an creideamh chun cinn, OR sa traidisiún Críostaí a chur ar fáil a bheadh oscailte do chách, do lucht an chreidimh agus dóibhsean gan aon chreideamh. Ba cheart cur chuige agus modhanna múinte a bheith in úsáid a leanann na treoirlínte a leag Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann anuas maidir le forás agus cur chun cinn an chreidimh i measc na mac léinn Caitliceach.

Dearbhaíonn An tAcht Oideachais (1998) go gcaithfidh na scoileanna forás morálta, spioradálta, sóisialta agus pearsanta na mac léinn a chur chun cinn i gcomhar leis na tuismitheoirí, agus ar bhealach a réitíonn le héiteas agus le sainspiorad na scoile. (Rialtas na hÉireann, an tAcht Oideachais, 9 [d]). Creideann cuid mhaith de na tuismitheoirí, de na mic léinn agus de phobal na scoile go gcomhlíonann an tOR an dualgas seo ar bhealach suntasach.



OIDEACHAS REILIGIÚNACH AGUS MEASÚNÚ SA TSRAITH SHÓISEARACH

Má bhíonn cur chuige déach ann maidir leis an measúnú, má bhíonn measúnú bunaithe sa seomra ranga ann le linn na trí bliana scolaíochta, agus ag an deireadh measúnú seachtrach státdeimhnithe, is féidir an chothromaíocht cheart a bheith ann idir na mic léinn a ullmhú do na scrúduithe agus deiseanna a thabhairt dóibh smaoineamh cruthaitheach a dhéanamh, agus a bheith ag foghlaim go gníomhach, ionas go mbeidh torthaí don fheabhas ann do chách. Aithníonn cur chuige den sórt seo go bhfuil saghsanna éagsúla foghlama ann ar scoil, go mbaineann fiúntas leo, agus gur ceart measúnú cuimsitheach a bheith ann a d'aithneodh an méid a bhaineann an duine óg amach ó thaobh oideachais de.

Creat don tSraith Shóisearach (2015)

Nuair a fhoilseofar sonrú ábhair don Oideachas Reiligiúnach, beidh deis ann déileáil leis an múnla measúnaithe OR don '*Creat don tSraith Shóisearach*' ar dhá bhealach éagsúla. I dtosach báire, d'fhéadfaí a bheith ag plé le hOR mar ábhar, (de réir mar a leagtar amach thuas), agus an nós measúnaithe sa '*Creat don tSraith Shóisearach*' a leanúint. Chiallódh a leithéid go ndéanfaí Measúnú Bunaithe sa Seomra Ranga (MBSR) leis na mic léinn sa dara bhliain agus sa tríú bhliain chomh maith, agus go dtarlódh an measúnú seachtrach státdeimhnithe: Tasc Measúnaithe agus Measúnú Deiridh, ag deireadh na tríú bliana. Leis an gcur chuige seo, deimhneofar obair na mac léinn san OR mar chuid de Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Mar mhalairt air seo, is féidir le scoileanna áirithe socrú a dhéanamh go ndéanfaí dhá MBSR in OR, ceann sa dara bhliain, ceann sa tríú bhliain, ach nach ndéanfaí aon mheasúnú seachtrach stáit ag deireadh na tríú bliana. Leis an gcur chuige seo, aithneofar obair na mac léinn san OR mar chuid den Phróifíl Ghnóthachtála faoin teideal 'Réimsí Eile Foghlama'.



VERITAS
www.veritas.ie



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHÁIL EASPAG CAITLÍCEACH ÉIREANN